Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**9898/18**
**ADD 4**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0236 (COD)**

| | |
|---|---|
| **ESPACE 29** | **ENER 227** |
| **RECH 278** | **EMPL 310** |
| **COMPET 428** | **CSC 188** |
| **IND 159** | **CSCGNSS 1** |
| **EU-GNSS 15** | **CSDP/PSDC 311** |
| **TRANS 251** | **CFSP/PESC 543** |
| **AVIATION 84** | **CADREFIN 85** |
| **MAR 79** | **CODEC 1007** |
| **TELECOM 172** | **IA 194** |
| **MI 440** | |

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meitheamh 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 328 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR GOVSATCOM a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 912/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013, Rialachán (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh 541/2014/AE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 328 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 328 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.6.2018
SWD(2018) 328 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**GOVSATCOM**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 912/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013, Rialachán (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh 541/2014/AE**

{COM(2018) 447 final} - {SWD(2018) 327 final}

GA GA

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar an: Togra le haghaidh Rialachán maidir le Clár i dtaca le cumarsáid shábháilte satailíte d'úsáideoirí rialtais (GOVSATCOM AE)

### A. An gá atá le beart

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** 11 líne ar a mhéad

Is naimhdí ná riamh an timpeallacht dhúshlánach oibríochtúil i gcás gníomhaithe slándála Eorpacha, agus bíonn bagairtí agus rioscaí nua ag teacht chun cinn go seasta. Ag an am céanna, tá riachtanais na n-údarás poiblí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais i dtaca le cumarsáid shábháilte satailíte ag athrú go tapa freisin. Faoi láthair, i ngeall ar an líon teoranta réiteach atá ann, ar réitigh iad atá lag míchuí agus/nó nach bhfuil sábháilte a dhóthain bunús an ama, ní féidir dul i ngleic leis na rioscaí nó na riachtanais sin. De bharr go bhfuil méadú ag teacht ar an easnamh sin, cruthaítear rioscaí i gcás misin ríthábhachtacha, oibríochtaí slándála agus bonneagair de chuid an Aontais agus na mBallstát. Is é ilroinnt an mhargaidh ó thaobh soláthair agus éilimh de i dtaca leis an gcumarsáid shábháilte satailíte (SatCom), an chaoi nach gcomhlíontar na riachtanais slándála bhunriachtanacha atá ag cuid mhór úsáideoirí nó nach gcomhlíontar ina n-iomláine iad, agus an dóigh a mbíonn na cineálacha bagairtí de shíoraí ag athrú, cibearbhagairtí cuir i gcás, agus forbairt ar an teicneolaíocht na príomhchúiseanna leis an easnamh sin.
Is iad na gníomhaithe slándála ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta na páirtithe leasmhara is mó a dhéantar difear dóibh, amhail fórsaí míleata agus fórsaí póilíneachta, an pobal muirí, seirbhísí atá freagrach as gníomhaíocht sheachtrach, cosaint shibhialta agus cabhair dhaonnúil, mar aon le hoibreoirí bonneagair ríthábhachtaigh. Déantar difear freisin do lucht tionscail, lena n-áirítear oibreoirí satailíte, monaróirí bonneagair spáis agus talaimh, agus soláthraithe seirbhíse.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** 8 líne ar a mhéad

Údaráis de chuid an Aontais agus údaráis náisiúnta a bhainistíonn misin atá bunriachtanach ó thaobh na slándála de, déanfar deimhin de go mbeidh rochtain iontaofa acu, a bhuí leis an tionscnamh seo, ar acmhainneachtaí agus seirbhísí SatCom atá sábháilte agus éifeachtúil ó thaobh costas de. Leis an tionscnamh, cumhdófar na costais a bhaineann le "mol nua GOVSATCOM" – an bonneagar talaimh atá riachtanach chun mórchuid úsáideoirí agus soláthraithe cumarsáide sábháilte satailíte a idirnascadh – a chur ar bun agus a rith. Cumhdófar leis freisin na costais oibríochtúla ar acmhainneachtaí agus seirbhísí SatCom a sholáthar d'úsáideoirí údaraithe de chuid an Aontais agus d'úsáideoirí údaraithe náisiúnta.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** 7 líne ar a mhéad

Déanann rioscaí slándála reatha agus rioscaí slándála a bheidh ann amach anseo difear don Aontas Eorpach ina iomláine agus do na Ballstáit. Níl ann ach roinnt Ballstát a bhfuil satailítí cumarsáide sábháilte dá gcuid féin acu; i gcás fhormhór na mBallstát agus institiúidí an Aontais, áfach, níl satailítí cumarsáide sábháilte dá gcuid féin acu. A bhuí le gníomhaíocht AE agus agus na barainneachtaí scála a thiocfaidh as an ngníomhaíocht sin, cuirfear feabhas ar rochtain úsáideora, iontaofacht, athléimneacht, slándáil agus cost-éifeachtúlacht. Ginfear, dá bharr, tuilleadh sineirgíochtaí idir fórsaí míleata agus an tsochaí shibhialta, breis comhleanúnachais agus comhordúchán feabhsaithe idir iarrachtaí AE agus iarrachtaí na mBallstát, agus is neamhspleáiche a bheidh an tAontas. Rachaidh timpeallacht atá níos cobhsaí agus níos intuartha, ina ndéanfar an nuálaíocht mar aon leis an taighde agus an fhorbairt a spreagadh, chun sochair don tionscal agus, ar an dóigh sin, cuirfear le hiomaíochas thionscal spáis an Aontais Eorpaigh. Rachaidh an tslándáil níos fearr chun sochair do shaoránaigh.

### B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha tosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** 14 líne ar a mhéad

Le cois an cháis bonnlíne, rinneadh ceithre rogha a anailísiú. Mar bhonn leis na roghanna ar fad, tá na nithe seo a leanas: éileamh úsáideora ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta a chomhbhailiú, creidiúnú slándála, agus cur chun feidhme "mhol cliste GOVSATCOM" lena ndéanfar an mhórchuid úsáideoirí agus soláthraithe a idirnascadh. Is ó thaobh an tsoláthair de atá na roghanna difriúil. De bharr nach soláthraítear réiteach iomlán le satailítí tráchtála ná satailítí náisiúnta (Rogha 1 agus Rogha 2), déantar dhá rogha eile a mheas. Leis an dá rogha sin araon, tugtar le chéile an soláthar ó fhoinsí tráchtála náisiúnta atá creidiúnaithe ó thaobh na slándála de, agus tugtar aghaidh ag céim níos faide anonn ar aon easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann san fhadtéarma: bíodh sé trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí idir an tAontas Eorpach agus an tionscal (Rogha 3), nó trí shócmhainní de chuid an Aontais (Rogha 4).

Le Rogha 3, soláthraítear an réiteach is fearr agus is éagsúlaithe ó thaobh rochtana, slándála, agus cumhdach geografach agus minicíochta de, do gach úsáideoir. Leis an rogha sin freisin, is féidir úsáid a bhaint as trealamh úsáideora atá ann cheana agus tá sí solúbtha agus inscálaithe. A bhuí léi, ní dhéanfar an margadh tráchtála SatCom atá ann faoi láthair a shaobhadh agus tabharfar deis don Aontas gníomhú mar chrann taca don mhargadh ina cháil mar mhórchliant. Beidh an soláthar seirbhíse níos éifeachtúla ó thaobh costas de mar gheall ar na barainneachtaí scála a bheidh mar dhlúthchuid den tseirbhís agus, i gcás inar gá, mar gheall ar pháirt-infheistíocht ón Aontas trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí. Le cur chuige na comhpháirtíochta príobháidí poiblí, cuirtear chun cinn an nuálaíocht trí rioscaí teicneolaíochta a chomhroinnt. Pé scéal é, is mar an gcéanna na costais fhoriomlána nó tá siad níos lú ná na costais reatha a bheidh le híoc ag úsáideoirí rialtais SatCom i margaí ilroinnte agus, ar an ábhar sin, beidh breisluach suntasach ann don Aontas.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** 7 líne ar a mhéad

Go ginearálta, bhí na geallsealbhóirí uile i bhfabhar na roghanna a cuireadh chun cinn ach, as an iomlán, is é Rogha 3 a tugadh an scór is airde: is fearr an freastal a dhéanfar ar ghníomhaithe Ballstáit agus gníomhaithe AE nach bhfuil rochtain acu ar chumarsáid shábháilte satailíte agus, san am céanna, is féidir le Ballstát a bhfuil sócmhainní náisiúnta aige acmhainneachtaí barrachais a dhíol agus rochtain a fháil ar sheirbhísí iomarcaíochta agus seirbhísí breise. Tá geallsealbhóirí uile an tionscail i bhfabhar ról a bheith ag an Aontas i ngníomhú thar ceann na mBallstát agus mar chrann taca don mhargadh go háirithe chun an t-éileamh úsáideora a chomhbhailiú, ceanglais slándála a chomhchuibhiú, agus neamhspleáchas an Aontais mar aon leis an nuálaíocht, an taighde agus an fhorbairt a spreagadh. Diúltaíonn oibreoirí satailíte agus soláthraithe seirbhíse Rogha 2 (lena moltar sócmhainní Ballstáit amháin) agus is fearr leo Rogha 1, Rogha 3 agus Rogha 4, ar roghanna níos tráchtála iad. Tacaíonn tionscal déantúsaíochta spáis na hEorpa leis na ceithre rogha, ag rá go mbeidh éileamh níos mó ar shatailítí atá déanta san Aontas Eorpach de thoradh an tAontas a bheith ina chrann taca don mhargadh agus, chomh maith leis sin, de thoradh an tAontas a bheith faoi réir diancheanglais neamhspleáchais agus slándála. Rachaidh an nuálaíocht a thiocfaidh as sin chun sochair don tionscal ina iomláine agus, de bharr sin, cuirfear lena iomaíochas ar an margadh domhanda.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad

Bunaithe ar staidéir éagsúla, comhairliúcháin spriocdhírithe le geallsealbhóirí, agus plé déthaobhach idir na Ballstáit agus an tionscal, beidh mórthionchar dearfach ag an tionscnamh ar na nithe seo a leanas:

- Slándáil: a áirithiú go mbeidh cead rochtana ag úsáideoirí uile agus teacht acu ar fhaisnéis, go háirithe na Ballstáit nach bhfuil sócmhainní acu.
- Tairbhí d'úsáideoirí toisc nach mbeidh an margadh ilroinnte: rochtain chinnte ar SatCom, tuilleadh minicíochtaí, agus cumhdach geografach níos fearr. Ó thaobh an tionscail de: margaí Eorpacha atá níos cobhsaí agus níos intuartha, cliaint nua (ar cliaint iad a bheidh ina gcrann taca don mhargadh).
- Geilleagar: réitigh atá éifeachtúil ó thaobh costas de trí bharainneachtaí scála.
- Neamhspleáchas AE: teacht a bheith ag AE ar bhreis acmhainneachtaí Eorpacha SatCom, ar acmhainneachtaí feabhsaithe iad, agus gan a bheith spleách ar thríú tíortha.
- Iomaíochas: tionchar dearfach ar an iomaíochas in earnáil spáis an Aontais Eorpaigh.
- Beidh tairbhí sóisialta díreacha agus indíreacha ann do shaoránaigh Eorpacha mar beidh ag póilíní, fórsaí míleata, gardaí teorann, seirbhísí cosanta sibhialta, etc. uirlisí a chuirfidh ar a gcumas a bheith níos éifeachtaí agus iad i mbun a ndualgas.
- Gníomhaíocht sheachtrach an Aontais níos éifeachtaí ar fud an domhain, lena n-áirítear oibríochtaí faoi

réir an chomhbheartas slándála agus cosanta agus cabhair dhaonnúil.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad

Bunaithe ar riachtanais úsáideora, d'fhéadfadh suas le 100–150 milliún EUR de chostas in aghaidh na bliana ó bhuiséad AE a bheith ar an gClár agus é faoi lán seoil. Cosnóidh an chéim forbartha suas le 100 milliún EUR; i gcás inar gá, d'fhéadfaí foráil a dhéanamh maidir le buiséad breise a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa bhonneagar ó 2025 amach. Cé is moite de na costais a luaitear thuas, ní mheastar go mbeidh tionchar diúltach ag an gClár ar an ngeilleagar, ar an tsochaí ná ar an gcomhshaol. Ní bheidh aon chostais chomhlíonta ann.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** 8 líne ar a mhéad

Toisc go ndéanfar an t-éileamh a chomhbhailiú agus go gcuirfear ar bun caighdeáin slándála GOVSATCOM AE, imreofar tionchar dearfach ar ghnólachtaí. Ó thaobh na hearnála príobháidí de go háirithe, tiocfaidh laghdú dá bharr ar an gcostas a bhaineann le gnó dhéanamh (beidh an tAontas Eorpach ina chrann taca don mhargadh, in ionad na gcéadta conarthaí *ad hoc*). Is mó a bheidh an bonn úsáideoirí a bhuí le húsáideoirí agus feidhmchláir nua agus, chomh maith leis sin, beidh sé níos cobhsaí agus níos intuartha. Spreagfaidh sé sin an nuálaíocht mar aon leis an taighde agus an fhorbairt. Le cur chuige na comhpháirtíochta príobháidí poiblí, cuirfear bonn taca faoi infheistíochtaí príobháideacha i ngeall ar rioscaí teicneolaíochta a chomhroinnt.

Meastar go ginearálta nach n-imreofar ach tionchar teoranta ar FBManna (agus micrifhiontair). Mar sin féin, i ngeall ar an ról ríthábhachtach atá ag FBManna (agus micrifhiontair) sa nuálaíocht, d'fhéadfadh rialacha ar leith chun cuidiú leo a bheith páirteach sa mhargadh soláthair dul chun sochair dóibh.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** 4 líne ar a mhéad

- I gcás Ballstáit a bhfuil satailítí SatCom acu, tionchar dearfach measartha: seirbhís níos fearr do ghníomhaithe slándála, feabhas ar an athléimneacht, agus an deis acmhainneacht bharrachais a dhíol.
- I gcás Ballstáit nach bhfuil acmhainneachtaí náisiúnta acu, tionchar dearfach láidir: seirbhís níos fearr do ghníomhaithe slándála, feabhas ar an athléimneacht a bhuí le rochtain chinnte ar réitigh cumarsáide shábháilte satailíte ar leibhéal an Aontais a mbeadh costas mór air nó nach bhféadfaí íoc as ar an leibhéal náisiúnta.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** 6 líne ar a mhéad

Sa mheasúnú tionchair, níor sainaithníodh aon tionchar suntasach eile, go háirithe i dtaca le cearta bunúsacha nó gnéithe réigiúnacha/idirnáisiúnta. Chuir geallsealbhóirí tionscail in iúl go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh tionchar dearfach ag caighdeáin slándála chomhchuibhithe AE agus, mar thoradh ar na caighdeáin sin, go bhféadfadh sé go dtabharfaí tuilleadh conarthaí do ghnólachtaí Eorpacha; d'fhéadfadh an chomhlíontacht a bheith ina gné thráchtála dhíolacháin i gcás seirbhísí den chineál céanna ar fud an domhain.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** 4 líne ar a mhéad

Ba cheart faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an Clár agus ar an gcaoi a dtagann athrú air chun an forás ar an éileamh agus ar an soláthar a chur san áireamh agus chun dul i ngleic le bagairtí agus rioscaí nua. Chun na críche sin, ba cheart forálacha leordhóthanacha, amhail gníomhartha cur chun feidhme le haghaidh na punainne seirbhísí agus athbhreithniú meántéarma ar an gClár, a áireamh sa dréacht-Rialachán.